Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Nollaig 2023**
**(OR. en)**

**16613/23**

**ECOFIN 1354**
**FIN 1287**
**UEM 429**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta 16/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa<br>Bainistíocht fiachais NGEU ag an gCoimisiún – Tús spreagúil, ach is gá é a ailíniú tuilleadh le dea-chleachtas<br>- Conclúidí ón gComhairle (8 Nollaig 2023) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta 16/2023 ó Cúirt Iniúchóirí na hEorpa – Bainistíocht fiachais NGEU ag an gCoimisiún – Tús spreagúil, ach is gá é a ailíniú tuilleadh le dea-chleachtas, a formheasadh ag cruinniú na Comhairle (ECOFIN) a tionóladh an 8 Nollaig 2023.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta 16/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa –**

**Bainistíocht fiachais NGEU ag an gCoimisiún – Tús spreagúil, ach is gá é a ailíniú tuilleadh le dea-chleachtas**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

1. FÓGRAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI gur foilsíodh Tuarascáil Speisialta 16/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) i mí an Mheithimh 2023 dar teideal: 'Bainistíocht fiachais NGEU ag an gCoimisiún – Tús spreagúil, ach is gá é a ailíniú tuilleadh le dea-chleachtas ('Tuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa')'[1], agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE an freagra ón gCoimisiún atá i gceangal leis an Tuarascáil Speisialta ón gCúirt Iniúchóirí.

2. MEABHRAÍONN SÍ na Conclúidí ón gcruinniú speisialta den Chomhairle Eorpach an 17, 18, 19, 20 agus an 21 Iúil 2020[2], ina luaitear 'chun na hacmhainní is gá a thabhairt don Aontas chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le paindéim COVID-19, údarófar don Choimisiún cistí a fháil ar iasacht ar na margaí caipitil thar ceann an Aontais', agus CUIREANN SÍ IN IÚL, go sonrach, de réir na gConclúidí sin, '... gur freagairt eisceachtúil é NGEU ar na cúinsí sin atá as cuimse fiú más sealadach féin iad, is léir go bhfuil na cumhachtaí a thugtar don Choimisiún chun iasachtaí a fháil teoranta ó thaobh méide, ré agus raon feidhme de'.

[1] Tuarascáil speisialta 16/2023:Bainistíocht fiachais NGEU ag an gCoimisiún (europa.eu)
2 https://www.consilium.europa.eu/media/45109/210720-euco-final-conclusions-en.pdf

3. MEABHRAÍONN SÍ Cinneadh 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh ('an Cinneadh maidir le hAcmhainní Dílse')[3] lena gceanglaítear go mbunóidh 'an Coimisiún na socruithe is gá ar mhaithe leis na hoibríochtaí chun iasacht a fháil a riar. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas go tráthrialta agus go cuimsitheach faoi gach gné dá straitéis bainistithe fiachais'.

4. AITHNÍONN SÍ gur éirigh leis an gCoimisiún Eorpach, d'ainneoin brú ama, na heilimintí lenar féidir leis an gCinneadh maidir le hAcmhainní Dílse a chur chun feidhme, go háirithe córas bainistithe fiachais NGEU a bhraitheann ar bhonneagar margaidh príomha, lena n-áirítear córas ceantála, líonra déileálaithe príomha, agus eisiúint bannaí agus billí éagsúla mar chuid d'ionstraim théarnaimh NGEU, bannaí glasa san áireamh; MEABHRAÍONN SÍ go dtugtar de chumhacht don Choimisiún suas le EUR 806.9 billiún (praghsanna reatha) a fháil ar iasacht ar mhargaí caipitil faoi 2026 chun NGEU a mhaoiniú; déanfar é sin trí bhannaí Eorpacha a eisiúint; TUGANN SÍ DÁ hAIRE go leithdháiltear suas le EUR 723.8 billiún (praghsanna reatha) ar an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta chun comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais a chur chun cinn trí thacaíocht airgeadais a thabhairt do na Ballstáit ag féachaint dá n-infheistíochtaí agus dá n-athchóirithe i sé cholún théamacha, lena n-áirítear an t-aistriú glas agus an claochlú digiteach, agus ar an gcaoi sin, cabhraítear leo aghaidh a thabhairt ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta phaindéim COVID-19[4];

---

[3] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:32020D2053
[4] Féach Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

5. MEABHRAÍONN SÍ gur ionstraim shealadach í NGEU ós rud é nach mór na dliteanais uile a thabhaítear leis an gcumhacht eisceachtúil shealadach a thugtar don Choimisiún chun cistí a fháil ar iasacht a aisíoc go hiomlán faoin 31 Nollaig 2058 ar a dhéanaí; MEABHRAÍONN SÍ gur as buiséad an Aontais a aisíocfar an phríomhshuim agus an t-ús gaolmhar i leith na gcistí a gheofar ar iasacht agus atá le húsáid le haghaidh tacaíocht neamh-inaisíoctha agus go n-aisíocfaidh an tír thairbhíoch na hiasachtaí agus na costais ghaolmhara uile arna dtabhú ag an Aontas;

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, i bhfianaise na straitéise cistithe aontaithe, mar a bunaíodh i Rialachán 2022/2434 an 6 Nollaig 2022[5] agus i gCinneadh Cur Chun Feidhme 2022/2544 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2022[6], nach mbeidh eisiúintí an Choimisiúin le haghaidh NGEU, an Chúnaimh Mhacra-Airgeadais (MFA) + don Úcráin ná le haghaidh cláir iasachtaíochta agus iasachtaithe eile a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo sonrach a thuilleadh don chlár aonair Eorpach a chisteofaí leis an mbanna.

7. CUIREANN SÍ IN IÚL gur i mí an Mheithimh 2021 a rinneadh céadeisiúint an Choimisiúin i dtaca le NGEU, sin le rá, díreach tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh maidir le hAcmhainní Dílse; CUIREANN SÍ IN IÚL go bhfuil an tAontas ar cheann de na heisitheoirí fiachais is mó maidir le fiachais arna sloinneadh in euro agus gurb é an t-eisitheoir bannaí glasa is mó ar domhain é.

---

[5] Rialachán (AE, Euratom) 2022/2434 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 a mhéid a bhaineann le straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a bhunú mar mhodh ginearálta iasachtaíochta. Foinse: EUR-Lex - 32022R2434 - GA - EUR-Lex (europa.eu)

[6] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE, Euratom) 2022/2544 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2022 lena mbunaítear na socruithe maidir le riar agus cur chun feidhme oibríochtaí iasachtaíochta agus bainistithe fiachais an Aontais faoin straitéis cistiúcháin éagsúlaithe agus oibríochtaí gaolmhara iasachtaithe. EUR-Lex - 32022R2434 - GA - EUR-Lex (europa.eu)

8. TUGANN SÍ FAOI DEARA go bhfuil méadú tagtha ar thorthaí an mhargaidh agus ar luaineacht praghsanna ó thús 2022 mar gheall ar an gcomhthéacs geopholaitiúil, lena n-áirítear cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus teannadh sa bheartas airgeadaíochta i ngeilleagair shárfhorbartha; TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur ardaigh costais iasachtaíochta le haghaidh oibríochtaí iasachtaíochta NGEU freisin mar thoradh ar na hathruithe sa timpeallacht.

9. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go ndéantar measúnú sa Tuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa *inter alia* ar an gcóras a d'fhorbair an Coimisiún chun bainistiú a dhéanamh ar an bhfiachas a tiomsaíodh chun NGEU a mhaoiniú, bunaithe ar cheapadh agus ar luathoibriú chóras bainistithe fiachais NGEU ó mhí an Mheithimh 2021 go mí an Mheithimh 2022; CUIREANN SÍ IN IÚL go ndeachaigh an Chúirt Iniúchóirí i gcomhairle le hoifigí náisiúnta bainistithe fiachais na 27 mBallstát go sonrach chun feabhsuithe féideartha ar shocruithe bainistithe fiachais an Aontais a shainaithint.

10. TAGANN SÍ leis an méid a d'aithin Cúirt Iniúchóirí na hEorpa:

- go bhfuair an Coimisiún na cistí ar iasacht in am agus i gcomhréir le teorainneacha rialála agus ar chostais a fhreagraíonn dá shuíomh margaidh.
- A bhuí leis na struchtúir agus na hinniúlachtaí nua, cuireadh tús le cistiú NGEU go tapa, ach ní mór na struchtúir agus na hinniúlachtaí sin a threisiú mar a leagtar amach sna moltaí sa Tuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa.
- Níor leagadh cuspóirí an Choimisiúin maidir le bainistiú fiachais amach go soiléir ag an tús, agus bhí teorainn leis an measúnú ar fheidhmíocht mar gheall air sin.

11. MEASANN SÍ go bhfuil na moltaí a rinne an Chúirt Iniúchóirí ábhartha agus go gcuirfidh siad feabhas breise ar bhainistiú fiachais arna dhéanamh ag an gCoimisiún; FÓGRAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI gur ghlac an Coimisiún leis na moltaí uile a rinne an Chúirt Iniúchóirí, agus go bhfuil sé tiomanta gníomhaíochtaí ceartaitheacha a chur chun feidhme faoi lár 2024[7].

12. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go háirithe go molann an Chúirt go gceapfadh an Coimisiún cuspóirí soiléire maidir le bainistiú fiachais agus go dtuairisceodh sé ar fheidhmíocht agus na cuspóirí sin á gcur chun feidhme; TUGANN SÍ DÁ hAIRE nach leagtar treoirlínte mionsonraithe síos sa Tuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an treo, na táscairí agus na prionsabail a bhainfeadh le straitéis fhoriomlán bainistithe fiachais a bheadh dírithe ar struchtúr cothrom costais agus riosca na punainne fiachais laistigh de pharaiméadair riosca fiachais/dliteanais le haghaidh an bhainistithe fiachais fhoriomláin; TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur díríodh gníomhaíochtaí an Choimisiúin ar a áirithiú go bhfaighidh an tAontas na coinníollacha iasachtaíochta is buntáistí don Aontas sa mheántéarma agus san fhadtéarma; MEABHRAÍONN SÍ gur cheart don Choimisiún, agus a phunann fiachais agus iasachtaí á bhainistiú aige, na bannaí a eisíonn sé a eagrú i gcomhréir le creat bainistithe riosca lena n-áiritheofar go mbeidh na fuascailtí in aon bhliain ar leith indéanta i gcónaí de réir chumas buiséadach an Aontais agus go n-urramófar na hacmhainní buiséadacha ábhartha atá ag an Aontas a shonraítear sna gníomhartha reachtacha lena mbunaítear na cláir a mhaoinítear le heisiúint fiachais (an Cinneadh maidir le hAcmhainní Dílse i gcás NGEU).

[7] Foinse: Freagra ón gCoimisiún ar Thuarascáil Speisialta SR/2023/16 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa.

13. FÓGRAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI gur ghlac an Coimisiún straitéis uileghabhálach maidir le bainistiú fiachais[8] lena dtugtar treoir do chur chun feidhme an chur chuige aontaithe nua i ndáil le cistiúchán trína n-úsáidfear na hionstraimí a fhorbraítear le haghaidh NGEU ar an mbealach céanna i gcás cláir iasachtaithe eile a bhunófar tar éis mhí na Nollag 2022, agus beidh urrúis an Aontais níos aonchineálaí agus níos leachtaí dá bharr.

14. MEABHRAÍONN SÍ go bhfuil eolas á thabhairt ag an gCoimisiún don Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais go tráthrialta ó 2021 i leith faoin gcaoi a n-eagraítear eisiúintí NGEU, bainistiú aibíochta NGEU agus aisíoc fiachais, Creat na mBannaí Glasa agus eisiúint na mbannaí sin, na pleananna cistiúcháin, agus staid airgeadais ionstraim théarnaimh NGEU; MEABHRAÍONN SÍ gur thug an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais sainordú don Fhochoiste um Margaí Fiachais Cheannasaigh an Aontais (ESDM) an 23 Meán Fómhair 2021 chun tuilleadh plé a dhéanamh ar mhaoiniú NGEU bunaithe ar na tuarascálacha ón gCoimisiún; LEAGANN SÍ BÉIM ar na tairbhí a fhaigheann an Coimisiún as faisnéis agus saineolas a bheith á roinnt ag na hoifigí náisiúnta bainistithe fiachais a ndéantar ionadaíocht dóibh in ESDM; FÓGRAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI go leantar de na tuarascálacha tráthrialta sin agus de na malartuithe maidir leis na dea-chleachtais a bhaineann le hoibríochtaí iasachtaíochta an Aontais agus le pleanáil na n-eisiúintí a thugtar do ESDM agus don Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais.

[8] *Fourth half-yearly report on the execution of the EU borrowing and lending operations.PDF (europa.eu)* [An ceathrú tuarascáil leathbhliantúil ar fheidhmiú oibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe]

15. Agus GUR DÍOL SÁSIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún struchtúr eagrúcháin a oifige bainistithe fiachais a ailíniú le dea-chleachtais idirnáisiúnta ar bhealach níos fearr, lároifig ar leith a bhunú, ról an Phríomhoifigigh Riosca a threisiú, agus foireann níos buaine de chuid an Aontais a chur in ionad na foirne seachtraí agus sealadaí atá ag obair ar bhainistiú fiachais an Aontais agus uasteorainneacha an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027 reatha á n-urramú go hiomlán ag an am céanna, agus go dtugann an Coimisiún aitheantas don tairbhe a bhaineann sé as saineolas na foirne a fhaightear ar iasacht ó oifigí bainistithe fiachais eile.

16. Agus GUR FADA LÉI cur chun feidhme leanúnach phleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta na mBallstát faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta mar chuid de NGEU, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, na caibidlí sin den tSaoráid a bhaineann le REPowerEU, a chuireann, agus aghaidh á tabhairt ar iarmhairtí phaindéim COVID-19, cistiú ar fáil le haghaidh na n-infheistíochtaí agus na n-athchóirithe tábhachtacha chun uathriail straitéiseach an Aontais a neartú trí sholáthairtí fuinnimh a éagsúlú agus trí chur le neamhspleáchas agus slándáil sholáthar fuinnimh an Aontais.